SDCC
Comhairle Contae Átha Cliath Theas | South Dublin County Council

## AN TACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ)

## LEASUITHE ÁBHAIR BEARTAITHE I DTACA LE HATHRÚ UIMH. 1 AR AN BPLEAN FORBARTHA CONTAE: DRÉACHTCHREAT UM PLEANÁIL ÁITIÚIL CHLUAIN DOLCÁIN

## FÓGRA FAOI ALT 13 (6) DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ)

Leis seo, fógraítear go bhfuil Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, tar éis dóibh smaoineamh ar Athrú Beartaithe Uimh. 1 ar an bPlean Forbartha Contae 2022-2028: Dréachtchreat um Pleanáil Áitiúil Chluain Dolcáin agus ar Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le haighneachtaí/tuairimí a fuarthas, agus de bhun alt 13(6) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), go bhfuil sé beartaithe acu leasuithe ábhair a dhéanamh i dtaca le hAthrú Beartaithe Uimh. 1 (Dréachtchreat um Pleanáil Áitiúil Chluain Dolcáin) ar an bPlean Forbartha Contae 2022-2028.

De réir alt 13(6)(aa) den Acht um Pleanáil Agus Forbairt, 2000 (arna leasú), chinn Comhairle Contae Átha Cliath Theas nach bhfuil measúnacht straitéiseach timpeallachta (SEA) de dhíth agus nach bhfuil measúnacht chuí (AA) de dhíth i dtaca le leasuithe ábhair beartaithe ar leith.

Beidh cóip de leasuithe ábhair beartaithe i dtaca le hAthrú Uimh. 1 ar an bPlean Forbartha Contae 2022-2028 (Dréachtchreat um Pleanáil Áitiúil Chluain Dolcáin), agus de Chinntí Scagtha SEA agus AA i gcomhréir le halt 13 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (arna leasú), agus de thuarascálacha gaolmhara SEA agus AA, ar fáil go poiblí lena n-iniúchadh le linn gnáthuaireanta oscailte (seachas laethanta saoire poiblí) ó **Déardaoin, 18 Nollaig 2025 go dtí an Luan, 26 Eanáir 2026,** an dá lá san áireamh, sna háiteanna seo a leanas:

- Leabharlann an Chontae, Plás Pharthaláin, Tamhlacht, D24 TNP8
- Halla an Chontae, Tamhlacht, D24 A3XC
- Leabharlann Chluain Dolcáin, Bóthar na Mainistreach, Cluain Dolcáin, D22 XPO3

Is féidir an cháipéisíocht ar fad a fheiceáil ar, nó a íoslódáil ó, shuíomh gréasáin na comhairle ag: https://www.sdcc.ie/en/devplan2022/

**Lá Buail Isteach Faisnéise Poiblí**

Reáchtálfar lá buail isteach faisnéise poiblí maidir leis na leasuithe ábhair beartaithe i dtaca le hAthrú Uimh. 1 ar an bPlean Forbartha Contae 2022-2028 (Dréachtchreat um Pleanáil Áitiúil Chluain Dolcáin). Seo a leanas an dáta, am agus ionad don lá buail isteach:

| Venue | Date | Time |
|---|---|---|
| Oifigí Cathartha Chluain Dolcáin, Bóthar an Naoú Loc, Cluain Dolcáin, D22 E9X5 | Dé Céadaoin, 14 Eanáir 2026 | 4pm-6pm |

**Aighneachtaí**

Glacfar le haighneachtaí nó tuairimí scríofa ó bhaill den phobal nó ó pháirtithe leasmhara eile maidir leis na leasuithe ábhair beartaithe ar Dhréachtchreat um Pleanáil Áitiúil Chluain Dolcáin, agus Cinntí SEA agus AA agus tuarascálacha gaolmhara SEA agus AA i gcomhréir le halt 13 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (arna leasú).

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí scríofa a chur faoi bhráid an Údaráis Pleanála laistigh den tréimhse ón **Déardaoin, 18 Nollaig 2025 go dtí an Luan, 26 Eanáir 2026** agus an dá dháta sin san áireamh ar cheann de na bealaí seo a leanas:

1. **Ar Líne:** Trí thairseach ar líne na Comhairle do chomhairliúcháin phoiblí: https://consult.sdublincoco.ie/ga **(suas go dtí 11:59pm ar an Luan 26 Eanáir 2026).**
2. **Scríobh chuig:** Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Rannóg Pleanála Chun Cinn, an Roinn Pleanála agus Iompair, Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Halla an Chontae, Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24, D24 A3EX **(suas go dtí 4:00pm ar an Luan 26 Eanáir 2026).**

Gach aighneacht nó tuairim scríofa maidir leis na leasuithe ábhair beartaithe i dtaca le hAthrú Uimh. 1 ar an bPlean Forbartha Contae 2022-2028 (Dréachtchreat um Pleanáil Áitiúil Chluain Dolcáin) agus cáipéisí gaolmhara a chuirtear faoi bhráid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas laistigh den tréimhse thuasluaite, cuirfidh an Chomhairle san áireamh iad sula gcuirfear aon leasú ábhair i bhfeidhm.

Bíodh a leanas ar eolas agat maidir le haighneacht nó tuairim a dhéanamh:

- Tá páistí, nó grúpaí nó cumainn a oibríonn ar son leasanna páistí, i dteideal aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh.
- Ba cheart go gcuimseofaí leis na haighneachtaí ar fad d'ainm agus seoladh teagmhála agus, más cuí, sonraí aon eagraíochta, grúpa poiblí nó cuideachta srl., a n-oibríonn tú ar a son.
- Ní mór aighneachtaí nó tuairimí a bheith marcáilte go soiléir mar "Leasuithe Ábhair Beartaithe ar Dhréachtchreat um Pleanáil Áitiúil Chluain Dolcáin" agus tagairt déanta d'uimhir thagartha/uimhreacha tagartha a ghabhann leis an leasú ábhair beartaithe ábhartha (a thosaíonn le 'MA').
- Ba cheart aighneachtaí agus tuairimí a dhéanamh trí aon mheán amháin, é sin trí chóip chrua sa phost nó tríd an tairseach chomhairliúcháin.
- Ní ghlacfar le haighneachtaí ar ríomhphost ná le haighneachtaí deireanacha.

**Eoin Burke,**
**Stiúrthóir Pleanála agus Iompair**

## PLANNING AND DEVELOPMENT ACT 2000 (AS AMENDED)

## PROPOSED MATERIAL ALTERATIONS TO VARIATION NO. 1 TO THE COUNTY DEVELOPMENT PLAN: DRAFT CLONDALKIN LOCAL PLANNING FRAMEWORK

## NOTICE UNDER SECTION 13 (6) OF THE PLANNING AND DEVELOPMENT ACT 2000 (AS AMENDED)

Notice is hereby given, that the Elected Members of South Dublin County Council having considered the Proposed Variation No. 1 to the County Development Plan 2022-2028: Draft Clondalkin Local Planning Framework and the Chief Executive's Report in respect of submissions/observations received, have resolved in accordance with Section 13(6) of the Planning and Development Act 2000 (as amended), that South Dublin County Council, proposes to make material alterations to Variation No. 1 (Draft Clondalkin Local Planning Framework) to the County Development Plan 2022-2028.

In accordance with Section 13(6)(aa) of the Planning and Development Act 2000 (as amended), South Dublin County Council has determined that a Strategic Environmental Assessment (SEA) is not required and that an Appropriate Assessment (AA) is not required with respect to certain proposed material alterations.

A copy of the proposed material alterations to Variation No. 1 to the County Development Plan 2022-2028 (Draft Clondalkin Local Planning Framework), and the SEA and AA Screening Determinations in accordance with Section 13 of the Planning and Development Act (as amended), and associated SEA and AA reports, will be available for public inspection during normal opening hours (excluding public holidays) from **Thursday, 18th December 2025 to Monday, 26th January 2026** inclusive, at the following locations:

- County Library, Parthalán Place, Tallaght, D24 TNP8
- County Hall, Tallaght, D24 A3XC
- Clondalkin Library, Monastery Road, Clondalkin, D22 XPO3

All documentation may also be viewed on, or downloaded from, the council's website at: https://www.sdcc.ie/en/devplan2022/

**Public Information Drop-In Day**

A public information drop-in day will be held in respect of the proposed material alterations to Variation No. 1 to the County Development Plan 2022-2028 (Draft Clondalkin Local Planning Framework). The date, time and location of the drop-in day is as follows:

| Venue | Date | Time |
|---|---|---|
| Clondalkin Civic Offices, Ninth Lock Road, Clondalkin, D22 E9X5 | Wednesday, January 14th 2026 | 4pm-6pm |

**Submissions**

Written submissions or observations with respect to the proposed material alterations to the Draft Clondalkin Local Planning Framework, and the SEA and AA Determinations and associated SEA and AA reports in accordance with Section 13 of the Planning and Development Act (as amended), are invited from members of the public and other interested parties.

Written Submissions and observations may be made to the Planning Authority within the period from **Thursday, 18th December 2025 to Monday, 26th January 2026** inclusive in one of the following ways:

1. **Online:** On the Council's online public consultation portal at: http://consult.sdublincoco.ie **(up to 11:59pm on Monday 26th January 2026).**
2. **Write to:** Senior Executive Officer, Forward Planning Section, Planning and Transportation Department, South Dublin County Council, County Hall, Tallaght, Dublin 24, D24 A3EX **(up to 4:00pm on Monday 26th January 2026).**

All written submissions or observations with respect to the proposed material alterations to Variation No. 1 to the County Development Plan 2022-2028 (Draft Clondalkin Local Planning Framework) and associated documents, made to South Dublin County Council within the above stated period, shall be taken into consideration by the Council before the making of any material alteration.

In respect of making a submission or observation please note the following:

- Children, or groups or associations representing the interests of children, are entitled to make submissions or observations.
- All submissions or observations should include your name and a contact address and, where relevant, details of any organisation, community group or company etc., which you represent.
- Submissions or observations should be clearly marked "Proposed Material Alterations to the Draft Clondalkin Local Planning Framework" and should quote the relevant proposed material alteration reference number(s)(which commences with 'MA').
- Submissions and observations should be made in one medium only i.e. hard copy by post or via the consultation portal.
- Email submissions and late submissions will not be accepted.

**Eoin Burke,**
**Director of Planning and Transport.**

**Web: www.sdcc.ie**

Tallaght Echo 33.4x7 265mm (Full Page) AC